AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.7.2024
COM(2024) 324 final

2024/0188 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann leis an tSomáil

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

I gcomhréir le hAirteagal 25a(2) den Chód Víosaí[1], ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh go tráthrialta ar chomhar na dtríú tíortha maidir le hathligean isteach agus tuarascáil a thabhairt don Chomhairle ar a laghad uair amháin sa bhliain.

Ar bhonn na measúnuithe sin, agus aird á tabhairt ar na céimeanna a ghlac an Coimisiún chun feabhas a chur ar an leibhéal comhair i réimse an athligean isteach agus ar chaidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír lena mbaineann, féadfaidh an Coimisiún a mheas nach bhfuil an tríú tír sin ag comhoibriú go leordhóthanach agus go bhfuil gá le gníomhaíocht a dhéanamh dá bhrí sin. Más amhlaidh atá, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 25a(5), pointe (a) den Chód Víosaí, le haghaidh cinneadh cur chun feidhme lena gcuirfear ar fionraí cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Chód Víosaí maidir le náisiúnaigh an tríú tír sin. Leanfaidh an Coimisiún i gcónaí lena iarrachtaí feabhas a chur ar an gcomhar leis an tríú tír lena mbaineann.

• Cás na Somáile

An comhar leis an tSomáil maidir le hathligean isteach na náisiúnach dá cuid atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch Bhallstáit den Aontas, níl sé leordhóthanach go fóill, de réir mar a thuairiscíonn na Ballstáit agus mar a chruthaítear leis an ráta fillte íseal (i.e. an líon fillteacha a fhorfheidhmítear i gcomparáid leis an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh an tríú tír[2], is é sin 4 % in 2023), agus an ráta eisiúna atá ag laghdú (i.e. an líon doiciméad taistil a eisíonn tríú tíortha i gcomparáid leis an líon iarrataí ar athligean isteach a chuireann na Ballstáit isteach).

Tá dúshláin leanúnacha roimh beagnach gach Ballstát agus iad ag iarraidh idirphlé fónta a chur ar bun leis an tSomáil maidir leis an athligean isteach, go háirithe a mhéid a bhaineann le fillteacha éigeantacha.

Faoi chuimsiú na measúnuithe leanúnacha a dhéanann an Coimisiún ar bhonn sonraí agus faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit, an phlé i Meithleacha ábhartha na Comhairle agus cruinnithe de ghrúpaí saineolaithe, mar aon leis na measúnuithe a dhéanann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, thuairiscigh Ballstáit roinnt saincheisteanna a chuireann isteach ar gach céim den phróiseas maidir le hathligean isteach, lena n-áirítear sainaithint náisiúnach den tSomáil, eisiúint doiciméad taistil éigeandála agus eagrú na n-oibríochtaí um fhilleadh. Bíonn an próiseas aitheantais an-anásta mar gheall ar mhoilleanna fada ar fhreagairtí ón tSomáil, nó an easpa freagra, ar iarrataí na mBallstát ar athligean isteach, rud a chiallaíonn gur annamh a eisítear doiciméid taistil nó a eagraítear oibríochtaí um fhilleadh mar thoradh ar an bpróiseas sin. In 2023 ba íseal an líon oibríochtaí um fhilleadh a ndearna na Ballstáit iarracht iad a dhéanamh mar gheall ar easpa comhair na Somáile le linn an phróisis ar fad.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

2 De réir Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh.

Mar obair leantach ar na measúnuithe a rinneadh roimhe seo faoi Airteagal 25a den Chód Víosaí, d'fhéach an tAontas le rannpháirtíocht a neartú a thuilleadh leis an tSomáil chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní sa chomhar maidir le hathligean isteach. Tá sé curtha in iúl arís agus arís eile ag an Aontas do na húdaráis ábhartha gur gá feabhas a chur ar an gcomhar maidir le hathligean isteach, ó bhéal agus i scríbhinn araon agus ar an leibhéal polaitiúil agus teicniúil sa Bhruiséil agus i Mogaidisiú. Níor tháinig an feabhas is gá ar an gcomhar mar thoradh ar an rannpháirtíocht sin, áfach.

Ar bhonn an mhéid a luaitear thuas agus an easpa feabhais in ainneoin na bearta a rinne an Coimisiún go dtí seo chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir leis an athligean isteach, agus aird á tabhairt ar chaidreamh foriomláin an Aontais leis an tSomáil, meastar nach bhfuil comhar na Somáile leis an Aontas maidir leis an athligean isteach leordhóthanach agus gur gá gníomhaíocht a dhéanamh.

- **Caidreamh foriomlán an Aontais leis an tSomáil**

Is comhpháirtí tábhachtach í an tSomáil don Aontas i réigiún Chorn na hAfraice. Tá comhpháirtíocht chomhtháite an Aontais leis an tSomáil leagtha amach i Straitéis an Aontais do Chorn na hAfraice[3], straitéis atá bunaithe ar fhorbairt shóisialta agus dhaonna, ar thrádáil, ar chomhtháthú réigiúnach, ar shíocháin agus ar shlándáil. De réir Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, tá 30 000 dídeanaí agus beagnach 3 mhilliún duine easáitithe ina thír féin á n-óstáil ag an tSomáil.

Tá infheistíocht mhór chuimsitheach déanta ag an Aontas i gcobhsaíocht na Somáile, agus cuireadh níos mó ná EUR 3.5 billiún de thacaíocht ar fáil di le linn na tréimhse 2014-2022. I mí na Bealtaine 2023 chomhaontaigh an Rialtas Treochlár Oibríochtúil Comhpháirteach[4] lena leagtar síos na réimsí tosaíochta agus feidhmíonn sé mar bhonn don rannpháirtíocht idir an tSomáil agus an tAontas. Tá sé comhdhéanta de thrí cholún, is iad sin Polaitíocht Chuimsitheach agus Daonlathú, Slándáil agus Cobhsú, agus Fás Socheacnamaíoch.

An clár tacaíochta buiséadaí maidir le Conradh Forbartha Stáit agus Athléimneachta na Somáile, chuidigh sé go mór leis an tSomáil próiseas na dtíortha Bochta a bhfuil Fiachais Ollmhóra orthu a thabhairt i gcrích i mí na Nollag 2023, trí aghaidh a thabhairt ar chur chun feidhme roinnt príomh-athchóirithe, amhail bainistíocht airgid feabhsaithe, bainistíocht airgeadais phoiblí, riarachán custaim agus cánach a nuachóiriú, agus trí imréiteach riaráistí na Somáile leis na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais a éascú.

Tairbhíonn an tír de rochtain saor ó dhleacht agus saor ó chuóta ar an margadh Eorpach faoin scéim 'Gach Ní Seachas Airm'[5].

Is ionann an Clár Ilbhliantúil Táscach don tSomáil faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta[6] le haghaidh na tréimhse 2021-2024 agus EUR 257 milliún agus tá sé ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an éagobhsaíocht agus an leochaileacht agus chun próisis tógála stáit a chur chun cinn, chun tacú

---

3 Corn na hAfraice:tosaíocht gheostraitéiseach don Aontas, - Conclúidí ón gComhairle

4 Tosaíochtaí don chomhar idir an tAontas agus an tSomáil (Treochlár Oibríochtúil Comhpháirteach), Mí na Bealtaine 2023.

5 Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle.

6 Clár Ilbhliantúil Táscach (2021-2027), Poblacht Chónaidhme na Somáile.

le forbairt eacnamaíoch chuimsitheach agus inbhuanaithe agus chun tionchar na dtubaistí nádúrtha agus an easáitithe ar na grúpaí is leochailí a mhaolú.

Is ball den Údarás Idir-Rialtasach Forbartha í an tSomáil agus tá sí ar an gCoiste Stiúrtha um Phróiseas Chartúm in ionad na Súdáine faoi láthair. An 6 Meitheamh 2023 toghadh an tSomáil ina comhalta neamhbhuan de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le haghaidh na tréimhse 2025-2026.

- **Na bearta víosa**

Raon feidhme na mbeart

Leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ba cheart cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Chód Víosaí a chur ar fionraí go sealadach maidir le náisiúnaigh den tSomáil. Níor cheart, áfach, feidhm a bheith ag an bhfionraíocht sin maidir le baill teaghlaigh Somálacha le saoránach (soghluaiste) den Aontas a chumhdaítear le Treoir 2004/38/CE[7] ná le baill teaghlaigh Somálacha le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ceart saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le ceart saoránach den Aontais faoi chomhaontú idir an tAontas agus na Bhallstáit, de pháirt, agus an tríú tír lena mbaineann, den pháirt eile. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart feidhm a bheith ag an bhfionraíocht maidir le baill teaghlaigh le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ar tairbhithe iad den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar choinníoll go bhfuil na baill teaghlaigh i dteideal iarratas ar víosa a dhéanamh faoin gComhaontú um Tharraingt Siar chun dul chomh fada leis an tairbhí i Stát óstach an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Níl aon Bhallstát i láthair sa tSomáil ná níl ionadaíocht ag aon cheann acu inti chun víosaí a eisiúint. Faoi láthair, ní aithníonn sé Bhallstát aon doiciméad taistil a eisíonn an tSomáil, agus ní aithníonn seacht mBallstát eile ach pasanna taidhleoireachta nó pasanna seirbhíse. Ní féidir víosa a ghreamú de phasanna neamhaitheanta le haghaidh taistil chuig an mBallstát nó chuig na Ballstáit faoi seach. Má ghreamaíonn Ballstát víosa de dhoiciméad taistil Somálach a aithníonn sé, níl an víosa sin bailí ach amháin maidir le críoch na mBallstát a aithníonn an doiciméad taistil agus níl sé bailí maidir le limistéar Schengen ina iomláine. Dá bhrí sin, má tá sé beartaithe ag náisiúnaigh den tSomáil a bhfuil doiciméid taistil neamhaitheanta ina seilbh acu taisteal chuig Ballstát nó Ballstáit nach n-aithníonn na doiciméid taistil sin, bheadh orthu doiciméid taistil arna n-eisiúint ag tír eile a fháil. Féadfaidh na Ballstáit nach n-aithníonn na doiciméid taistil víosa a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aici a ghreamú de bhileog ar leith freisin, ach is annamh a úsáidtear an réiteach sin sa chleachtas toisc go meastar de ghnáth go bhfuil iarratais ar víosaí atá bunaithe ar dhoiciméad taistil neamhaitheanta neamh-inghlactha, ach amháin má tá imthosca eisceachtúla ann a thugann údar le taisteal (e.g. cúiseanna daonnúla).

In 2022 thaisc náisiúnaigh den tSomáil 1600 iarratas ar víosa agus 2600 in 2023, rud a d'fhág gur eisíodh 1000 agus 1600 víosa sa dá bhliain, faoi seach.

Inneachar na mbeart víosa

[7] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart saoránach den Aontas agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

Toisc nach bhfuil an tSomáil ag comhoibriú go leordhóthanach maidir leis an athligean isteach, tá údar maith ann leis na hairteagail uile dá dtagraítear in Airteagal 25a(5), pointe (a), den Chód Víosaí a chur ar fionraí go sealadach, mar atá sna cásanna seo a leanas: an rogha ceanglais a tharscaoileadh i ndáil leis an bhfianaise dhoiciméadach dá dtagraítear in Airteagal 14(6) a bhíonn le cur isteach ag iarratasóirí ar víosa, í a chur ar fionraí; an ghnáth-tréimhse próiseála 15 lá féilire dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a chur ar fionraí (rud a fhágann go n-eisiatar cur i bhfeidhm na rialach lena gceadaítear síneadh suas le 45 lá ar a mhéad ar an tréimhse sin i gcásanna aonair amháin freisin, agus dá réir sin gur thréimhse 45 lá atá sa tréimhse phróiseála chaighdeánach); eisiúint víosaí dul isteach iolrach i gcomhréir le hAirteagal 24(2) agus (2c) den Chód Víosaí a chur ar fionraí; agus tarscaoileadh roghnach na táille víosa i gcás sealbhóirí pasanna taidhleoireachta agus pasanna seirbhíse i gcomhréir le hAirteagal 16(5), pointe (b) a chur ar fionraí.

Tréimhse chur i bhfeidhm na mbeart víosa

Foráiltear leis an gCód Víosaí go mbeidh feidhm ag na bearta víosa go sealadach ach níl aon oibleagáid ann tréimhse cur i bhfeidhm shonrach maidir leis na bearta sin a chur in iúl sa chinneadh cur chun feidhme. I gcomhréir le hAirteagal 25a(6) den Chód Víosaí, áfach, ba cheart don Choimisiún an dul chun cinn sa chomhar maidir leis an athligean isteach a mheasúnú go leanúnach ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach in Airteagal 25a(2) den Chód Víosaí, lena n-áirítear an dul chun cinn sa chúnamh a sholáthraítear chun daoine atá ag fanacht go mídhleathach ar chríoch na mBallstát a shainaithint, eisiúint thráthúil na ndoiciméad taistil, agus eagrú na n-oibríochtaí um fhilleadh. Tuairisceoidh an Coimisiún an féidir feabhas suntasach inbhuanaithe ar an gcomhar leis an tríú tír lena mbaineann maidir leis an athligean isteach a shuí agus, agus caidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír sin á chur san áireamh freisin, féadfaidh sé togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun an cinneadh cur chun feidhme a aisghairm nó a leasú. Ach más léir nach raibh éifeacht ag na bearta víosa a glacadh i gcomhréir leis an gcinneadh cur chun feidhme, ba cheart a mheas gur údar sin chun an dara céim den sásra, dá bhforáiltear le hAirteagal 25a(5), pointe (b), a chur i bhfeidhm.

De bhun Airteagal 25a(7) den Chód Víosa, tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le comhar an tríú tír sin maidir leis an athligean isteach, 6 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh cur chun feidhme.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an cinneadh atá beartaithe comhsheasmhach leis an gCód Víosaí lena socraítear rialacha comhchuibhithe an chomhbheartais víosaí lena rialaítear na nósanna imeachta agus na coinníollacha maidir le víosaí a eisiúint le haghaidh tréimhsí fanachta atá beartaithe ar chríoch na mBallstát nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann an tAontas cur chuige cuimsitheach chun cinn maidir leis an imirce agus an easáitiú éigeantach, cur chuige atá bunaithe ar luachanna agus freagrachtaí comhroinnte, lena n-áirithítear go n-urramaítear na cearta agus na hoibleagáidí bunúsacha uile i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ceann de cholúin an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann a glacadh i mí na Bealtaine 2024, lena gcuirtear cur chuige cuimsitheach ar fáil arb é is aidhm dó príomhbheartais an Aontais maidir le himirce, tearmann, bainistiú teorainneacha agus lánpháirtiú a neartú agus a chomhtháthú, is ea an imirce a leabú i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta chun imeachtaí neamhrialta a chosc,

smuigleáil imirceach a chomhrac, comhoibriú maidir le hathligean isteach agus bealaí dlíthiúla a chur chun cinn.

Gné thábhachtach den bheartas sin is ea an comhar idir na Ballstáit agus tríú tíortha maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a athligean isteach. Chun comhpháirtíochtaí cuimsitheacha den chineál sin a neartú agus chun lánchomhar ó thríú tíortha a áirithiú, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an Aontas leas a bhaint as gach uirlis atá ar fáil, lena n-áirítear an comhar um fhorbairt, an trádáil, nó bearta víosaí[8].

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), Airteagal 25a(5), pointe (a).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach

- **Comhréireacht**

Na bearta atá beartaithe, arb é is aidhm dóibh an tSomáil a spreagadh chun feabhas a chur ar a comhar maidir le hathligean isteach náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, tá siad i gcomhréir leis an gcuspóir atá á shaothrú. Ní dhéanann na bearta sin difear don fhéidearthacht atá ag iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar víosaí ná don fhéidearthacht go ndeonófar víosaí dóibh, iontu féin, ach cumhdaítear leo gnéithe áirithe den nós imeachta trína n-eisítear an víosa. Maille leis sin, eisiatar catagóirí áirithe daoine ó raon feidhme an chinnidh seo.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

[8] EUCO 22/21 (17).

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann na bearta atá beartaithe difear don fhéidearthacht iarratas a dhéanamh ar víosaí ná víosaí a dheonú d'iarratasóirí, agus urramaítear leo cearta bunúsacha uile na n-iarratasóirí, go háirithe an meas ar shaol an teaghlaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In *Airteagal 1* sainítear raon feidhme an chinnidh cur chun feidhme atá beartaithe.

Sonraítear i míreanna 1 agus 2 nach bhfuil feidhm aige ach maidir le náisiúnaigh den tSomáil atá faoi réir an cheanglais víosa agus nach bhfuil feidhm aige maidir leo siúd atá díolmhaithe ón gceanglas sin ar bhonn Airteagal 4 nó 6 de Rialachán (AE) 2018/1806.

Le mír 3 díolmhaítear ó raon feidhme an chinnidh atá beartaithe iarratasóirí ar víosa ar baill teaghlaigh iad le saoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis, mar aon le baill teaghlaigh de chuid náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ceart saorghluaiseachta aige atá coibhéiseach le ceart saoránach den Aontas faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tríú tír lena mbaineann, den pháirt eile. Baill teaghlaigh le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ar tairbhithe iad den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá siad eisithe ó raon feidhme an chinnidh atá beartaithe freisin, ar choinníoll go bhfuil na baill teaghlaigh i dteideal iarratas ar víosa a dhéanamh faoin gComhaontú um Tharraingt Siar chun dul chomh fada leis an tairbhí i Stát óstach an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Sonraítear i mír 4 go bhfuil an cinneadh atá beartaithe gan dochar d'oibleagáidí idirnáisiúnta na mBallstát.

Leagtar amach in *Airteagal 2* go gcuirfear cur i bhfeidhm na bhforálacha seo a leanas den Chód Víosaí ar fionraí go sealadach maidir le náisiúnaigh den tSomáil a thagann faoi raon feidhme an chinnidh atá beartaithe:

– An rogha atá ag na Ballstáit an ceanglas tacar iomlán de dhoiciméid tacaíochta a chur i láthair a tharscaoileadh. Fágann sin go mbeidh ar gach iarratasóir, gach uair a dhéanfaidh sé iarratas, tacar iomlán de dhoiciméid tacaíochta a chur

isteach lena gcruthaítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le dul isteach mar a leagtar amach i gCód Teorainneacha Schengen iad.

– An rogha atá ag na Ballstáit an táille víosa a tharscaoileadh i gcás sealbhóirí pasanna taidhleoireachta agus pasanna seirbhíse. Beidh feidhm ag an táille víosa chaighdeánach EUR 90 maidir le hiarratasóirí den chatagóir sin.

– An tréimhse phróiseála chaighdeánach 15 lá féilire chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas. Fágann sin go mbeidh 45 lá ag na Ballstáit chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais.

– Na rialacha maidir le víosa dul isteach iolrach a eisiúint. Fágann sin nach n-eiseofar, i bprionsabal, ach víosaí dul isteach aonuaire.

Sonraítear in *Airteagal 3* go dtiocfaidh na bearta i bhfeidhm an dáta a thabharfar fógra faoin gCinneadh do na Ballstáit.

In *Airteagal* 4 liostaítear iad siúd a ndírítear an cinneadh atá beartaithe orthu, i.e. na Ballstáit ábhartha.

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann leis an tSomáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí)[9], agus go háirithe Airteagal 25a(5), pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Measadh nach raibh an comhar leis an tSomáil maidir leis an athligean isteach leordhóthanach faoi Airteagal 25a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009. Tá gá le feabhas mór ar an gcomhar maidir le gach céim den phróiseas i ndáil le hathligean isteach, lena n-áirítear chun a áirithiú go gcomhoibreoidh an tSomáil go héifeachtach maidir le sainaithint, eisiúint doiciméad taistil éigeandála agus oibríochtaí um fhilleadh ar bhealach tráthúil intuartha, i gcás filleadh éigeantach agus deonach araon.

(2) Cé is moite de líon fíorbheag eisceachtaí, tá dúshláin leanúnacha roimh na Ballstáit, mar gheall ar an easpa idirghabhálaithe soiléire agus an easpa freagairtí ar iarrataí ar athligean isteach agus ar eisiúint doiciméad taistil éigeandála, go háirithe a mhéid a bhaineann le filleadh éigeantach.

(3) Agus na céimeanna a ghlac an Coimisiún go dtí seo chun feabhas a chur ar leibhéal an chomhair agus ar chaidreamh foriomlán an Aontais leis an tSomáil á gcur san áireamh, ní leordhóthanach comhar na Somáile leis an Aontas maidir le cúrsaí athligean isteach agus is gá gníomhaíocht a dhéanamh dá bhrí sin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 a chur ar fionraí go sealadach maidir le náisiúnaigh den tSomáil atá faoi réir an cheanglais víosa de bhun Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10]. Is é is cuspóir dó sin an tSomáil a spreagadh chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí is gá chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le cúrsaí athligean isteach.

(5) Is iad na forálacha ba cheart a chur ar fionraí na forálacha sin dá dtagraítear in Airteagal 25a(5), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, mar atá sa chás seo a

[9] IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

[10] Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (códú) (IO L 303, 28.11.2018, lch. 39).

leanas: an rogha ceanglais a tharscaoileadh i ndáil leis an bhfianaise dhoiciméadach dá dtagraítear in Airteagal 14(6) a bhíonn le cur isteach ag iarratasóirí ar víosa, í a chur ar fionraí, an ghnáth-tréimhse próiseála 15 lá féilire dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a chur ar fionraí, (rud a d'fhágfadh go n-eisiafaí cur i bhfeidhm na rialach lena gceadaítear síneadh suas le 45 lá ar a mhéad ar an tréimhse sin i gcásanna aonair amháin, agus dá réir sin go mba thréimhse 45 lá a bheadh sa tréimhse phróiseála chaighdeánach), eisiúint víosaí dul isteach iolrach i gcomhréir le hAirteagal 24(2) agus (2c) a chur ar fionraí, agus tarscaoileadh roghnach na táille víosa i gcás sealbhóirí pasanna taidhleoireachta agus pasanna seirbhíse i gcomhréir le hAirteagal 16(5), pointe (b) a chur ar fionraí.

(6) Níor cheart aon difear a dhéanamh leis an gCinneadh seo do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE lena leathnaítear an ceart chun saorghluaiseachta chuig baill teaghlaigh, gan beann ar a náisiúntacht, nuair a bhíonn siad ag taisteal in éineacht leis an saoránach den Aontas nó ag taisteal chun dul chomh fada leis. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo maidir le baill teaghlaigh le saoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis ná maidir le baill teaghlaigh de chuid náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ceart saorghluaiseachta aige atá coibhéiseach le ceart saoránach den Aontas faoi chomhaontú idir an tAontas agus tríú tír. Is amhlaidh atá maidir le baill teaghlaigh le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ar tairbhithe iad den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[11] (an Comhaontú um Tharraingt Siar), ar choinníoll go bhfuil an ball teaghlaigh i dteideal dul chomh fada leis an tairbhí den Chomhaontú um Tharraingt Siar sa Stát óstach agus go ndéanann sé iarratas ar víosa chun na críche sin.

(7) Ba cheart na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a bheith gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear a n-oibleagáidí mar thíortha óstacha d'eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta nó do chomhdhálacha idirnáisiúnta arna dtionól ag na Náisiúin Aontaithe nó ag eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta eile atá á n-óstáil ag na Ballstáit. Dá réir sin, níor cheart feidhm a bheith ag an bhfionraíocht shealadach maidir le náisiúnaigh den tSomáil a dhéanann iarratas ar víosa a mhéid is gá sin chun go gcomhlíonfaidh Ballstáit a n-oibleagáidí mar thíortha óstacha d'eagraíochtaí den chineál sin nó do chomhdhálacha den chineál sin.

(8) Leis an gCinneadh seo, níor cheart difear a dhéanamh don rogha atá ag iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar víosaí ná don fhéidearthacht víosaí a dheonú dóibh agus lánurraim á tabhairt do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(9) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

[11] Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

(10) Ní forbairt atá sa Chinneadh seo ar fhorálacha *acquis* Schengen a bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[12]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(11) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis*[13] Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[14].

(12) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis*[15] Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[16].

(13) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis*[17] Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[18].

(14) Maidir leis an gCipir, is gníomh atá sa Chinneadh seo lena gcuirtear le *acquis* Schengen nó a bhfuil baint ar shlí eile aige le *acquis* Schengen de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003,

---

12 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

13 IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

14 Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

15 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

16 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

17 IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

18 Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le náisiúnaigh den tSomáil atá faoi réir an cheanglais víosa de bhun Rialachán (AE) 2018/1806.

2. Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le náisiúnaigh den tSomáil atá díolmhaithe ón gceanglas víosa faoi Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/1806 nó maidir le náisiúnaigh a ndearna na Ballstáit foráil maidir le heisceachtaí ón gceanglas víosa ina leith i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/1806.

3. Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le náisiúnaigh den tSomáil sna cásanna seo a leanas:

   (a) tá na náisiúnaigh sin den tSomáil ina mbaill teaghlaigh le saoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo nuair a bhíonn siad in éineacht leis an saoránach den Aontas nó ag dul chomh fada leis an saoránach sin nó

   (b) tá siad ina mbaill theaghlaigh le náisiúnach tríú tír a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta aige atá coibhéiseach le ceart saoránach den Aontas faoi chomhaontú idir an tAontas agus tríú tír nó

   (c) tá siad ina mbaill teaghlaigh le náisiúnach den Ríocht Aontaithe ar tairbhí den Chomhaontú um Tharraingt Siar é, ar choinníoll go bhfuil na baill teaghlaigh i dteideal dul chomh fada leis an tairbhí den Chomhaontú um Tharraingt Siar sa Stát óstach agus iarratas a dhéanamh ar víosa chun na críche sin.

4. Beidh an Cinneadh seo gan dochar do na cásanna ina mbeidh Ballstát faoi cheangal ag oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta, mar atá:

   (a) mar thír óstach d'eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta;

   (b) mar thír óstach do chomhdháil idirnáisiúnta arna tionól ag na Náisiúin Aontaithe nó faoina gcoimirce nó ag eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta eile atá á n-óstáil ag Ballstáit nó faoina gcoimirce sin;

   (c) faoi chomhaontú iltaobhach lena dtugtar pribhléidí agus díolúintí;

   (d) de bhun Chonradh Idir-Réitigh 1929 (Comhaontú na Lataráine) a tugadh i gcrích idir an Suí Naofa (Stát Chathair na Vatacáine) agus an Iodáil, arna leasú go deireanach.

Airteagal 2

Cuirfear cur i bhfeidhm na bhforálacha seo a leanas de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ar fionraí go sealadach:

(a) Airteagal 14(6);

(b) Airteagal 16(5), pointe (b);

(c) Airteagal 23(1);

(d) Airteagal 24(2) agus (2c).

Airteagal 3

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 4

Is chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, agus Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán